# Líon na Bearnaí

## Sraith 17: Samhradh Iontach

**Pictiúr 1**

Lá breá brothallach ab ea é.  Bhí an ghrian ag taitneamh go hard sa spéir. Bhí beirt chailíní ag caint le chéile.ar an tsráid os comhair an __________tar éis dóibh laethanta saoire a fháil ón scoil.    Bhí siad ag ___________ don samhradh fada a bhí amach rompu. Bhí mála scoile ar ____________ gach duine acu. Foirgneamh áirgiúil ab ea an séipéal a raibh crainn síorghlasa ag fás timpeall air.

**Pictiúr 2**

An chéad rud a bheartaigh siad a dhéanamh ná ______oibre a fháil. Chuaigh siad go dtí an t-óstán áitiúil.  D'iarr siad cead  labhairt leis an mbainisteoir. D'inis siad dó go raibh post  sealadach á lorg acu.  Chuir seisean faoi ____________iad ina oifig. Fuair siad araon postanna mar ghlantóirí seomra. Tugadh sainéide agus náprún dóibh le caitheamh  agus map, buicéad agus ábhar ___________ le húsáid nuair a bheadh siad ag obair.

**Pictiúr 3** :

Caithfidh gur thuill siad neart airgid nuair a bhí siad ag obair san óstán mar bhí siad in ann dul ar saoire go dtí an __________ ina dhiaidh sin. Thug siad cuairt ar an Colosseum.  ___________ ábhalmhór is ea é sin a tógadh dhá mhíle bliain ó shin ina bhféadfadh na mílte duine drámaí agus seónna brúidiúla a fheiceáil. Cheap na cailíní gur ____________ ghleoite í an Róimh agus bhí siad an-sásta lena dturas.

**Pictiúr 4**

Nuair a d'fhill siad ar Éirinn d'imir siad cluiche _________ ar fhoireann na gcailíní.  Is léir ón ríméad atá orthu agus ón gcorn atá crochta in airde acu gur bhuaigh siad cluiche ceannais na Craoibhe. An oíche sin, chuaigh siad amach chuig an __________. Bhain siad an-taitneamh as an scannán a bhí á thaispeáint. Casadh buachaillí deasa orthu sa phictiúrlann agus chuir siad aithne ar a chéile.

**Pictiúr 5**

Ní raibh siad leithleasach – ní ag smaoineamh orthu féin amháin a bhí siad mar chláraigh siad le Cumann Naomh Uinseann de Pól.  Cumann _____________is ea é sin a dhéanann obair dheonach do dhaoine a mbíonn ___________ eagsúla ag cur isteach orthu. Théadh na cailíní timpeall chuig daoine ____________ le beartáin lán de shólaistí a bheadh ag teastáil uathu.

# Líon na Bearnaí

### Pictiúr 6

Nuair a tháinig ________________ leis an samhradh ba bhreá leis an bheirt acu breathnú siar ar an gcaoi ar chaith siad na laethanta saoire. Bhí siad beirt ar aon aigne go raibh ______________ an-bhreá acu. Dúirt duine acu gurbh é sin an samhradh ab fhearr dá raibh riamh acu. Is ansin a _____________ an bheirt acu ag pleanáil arís do shamhradh na bliana dár gcionn. Dá luaithe ab fhearr dar leo.